AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.10.2024
COM(2024) 468 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaighi gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar rialacha Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair maidir le saoire mháithreachais

IARSCRÍBHINN

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. 2024/……
Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH
AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR

an …… 2024

lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2019/3 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 5 Meitheamh 2019

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 30 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal Aonair

I gCinneadh Uimh. 2019/3 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 5 Meitheamh 2019, leasaítear Airteagal 10.4 d'Iarscríbhinn II, 'Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair', agus is mar seo a leanas a bheidh sé:

'10.4 Saoire Mháithreachais

(a) Beidh mná torracha i dteideal 20 seachtain saoire mháithreachais le pá iomlán ach teastas dochtúra a chur ar fáil. Ní fhéadfar an tsaoire sin a thógáil níos luaithe ná sé seachtaine roimh an dáta tuartha luí seoil a bheidh thíos sa teastas agus ní fhéadfar teacht ar ais ón tsaoire sin níos luaithe ná 14 seachtaine tar éis an dáta luí seoil. I gcás gearradh Caesarach nó i gcás ina saolaítear níos mó ná leanbh amháin nó i gcás breithe anabaí nó i gcás ina saolaítear leanbh agus é faoi mhíchumas nó breoiteacht thromchúiseach air, mairfidh an tsaoire 24 seachtaine. Is éard is breith anabaí ann chun críocha na forála seo, breith a bhí ann roimh dheireadh an 34ú seachtain toirchis. I gcás contúirt thromchúiseach don mháthair nó don leanbh, féadfar tús a chur le saoire mháithreachais níos luaithe, ach teastas dochtúra a chur ar fáil ina moltar saoire mháithreachais níos

luaithe. I ngach cás, tosóidh saoire mháithreachais ar fhíordháta bhreith an linbh ar a dhéanaí.

(b) Coinnítear an teidlíocht do shaoire mháithreachais ina hiomláine má fhaigheann an leanbh bás tráth na breithe nó go luath ina dhiaidh sin.

(c) Féadfar saoire bhliantúil a thógáil láithreach, gan bhriseadh, tar éis na saoire máithreachais.

(d) Féadfaidh an ball foirne filleadh ar an obair roimh dheireadh a saoire máithreachais, ar choinníoll go gcuirfidh sí isteach teastas dochtúra a léiríonn go bhfuil sí ábalta a cuid dualgas a chomhlíonadh.'

Arna dhéanamh i/sa……., an…….. 2024

Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh

An tUachtarán